

Ceisteanna Coitianta na Scoileanna 2022

Cad is Comhlach Cruthaitheach ann?

Is ealaíontóirí, cleachtóirí cruthaitheacha agus/nó oideachasóirí iad na Comhlaigh Chruthaitheacha a bhfuil tuiscint acu ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht agus a gcumas chun saol leanaí agus daoine óga a athrú ó bhonn. Tacóidh siad le bhur scoil chun deiseanna ealaíon agus deiseanna cruthaitheacha a neartú do leanaí agus do dhaoine óga agus chun bhur dtuiscint ar chruthaitheacht a fhorbairt agus an bealach ar féidir é a chur i bhfeidhm thar an gcuraclam. Beidh siad mar chara criticiúil agus cuirfidh siad dúshlán roimh scoileanna le bheith ag smaoineamh ar bhealaí atá úr agus éagsúil.

Tá eolas fairsing agus go leor taithí thar raon leathan cleachtaí ealaíon, cruthaitheacha agus próisis i suíomhanna oideachais ag na Comhlaigh Chruthaitheacha. Cabhróidh siad leat riachtanais na scoile a mheaitseáil le deiseanna ealaíon agus cruthaitheacha. Forbróidh siad caidreamh leis an bpobal scoile in imeacht an dá bhliain agus tacóidh siad leis an scoil fíis agus Plean Scoile Ildánaí (SI) inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh na n-ealaíon agus na cruthaitheachta.

Cad a dhéanfaidh an Comhlach Cruthaitheach?

Tacóidh an Comhlach Cruthaitheach leis an scoil agus sibh ag bogadh trí na céimeanna a ghabhann le bhur n-aistear mar Scoil Ildánach.

Mí na Samhna 2022 - Mí Bealtaine/mí Meithimh 2023

Tógfaidh an Comhlach Cruthaitheach am le dáimh a chothú le bhur scoil a thacóidh le caidrimh éifeachtacha oibre idir an Comhlach Cruthaitheach féin, an fhoireann,, agus na scoláirí. Tabharfaidh na Comhlaigh Chruthaitheacha faoin bpróiseas seo chun caidrimh a chothú ar bhealaí éagsúla cruthaitheacha. Freisin, féadfar leo iad féin, a ról, agus sonraí chlár na Scoile Ildánaí a chur i láthair os comhair na scoile níos leithne.

Tacóidh siad le bhur scoil anailís a dhéanamh ar bhur rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chruthaitheacht faoi láthair agus ar na hacmhainní atá ar fáil in bhur scoil agus sa phobal níos leithne. Fiosróidh siad tuiscint bhur scoile ar an gcruthaitheacht agus cuideoidh siad libh eispéiris agus suimeanna ealaíonta agus cruthaitheachta na scoile a aimsiú.

Oibreoidh an Comhlach Cruthaitheach le bhur gComhordaitheoir Scoile le comhráite cruthaitheacha a eagrú le pobal na scoile uile. Tá bunú chomhairle comhairleach na scoláirí,

suirbhéanna le haghaidh múinteoirí/tuismitheoirí nó ceardlanna ar ghuth an scoláire ina samplaí de na comhráite a d'fhéadfaí a chur ar bun. Déantar láidreachtaí na scoile mar aon le réimsí chun forbartha a shainithint tríd an bpróiseas seo. B'fhéidir go ndéanfadh do scoil machnamh ar cheardlanna, gníomhaíochtaí, nó taighde píolótach a dhéanamh agus sibh ag obair ar an anailís seo.

Mí Bealtaine/ Mí Meithimh 2023– Mí Meithimh 2024

Ag an bpointe seo, tosóidh bhur gComhlach Cruthaitheach ar thaighde faoi na bealaí ar féidir bhur dtosaíochtaí forbartha agus riachtanais aonair a fhorbairt. Oibreoidh an Comhlach Cruthaitheach le do Chomhordaitheoir Scoile chun freastal ar na riachtanais sin, ag cruthú naisc idir an scoil agus an pobal ealaíon agus cruthaitheach níos ginearálta agus cuideoidh sé leis an scoil dul i dteagmháil le cleachtóirí cruthaitheacha, institiúidí, agus eagraíochtaí cultúrtha. Ar deireadh, oibreoidh an Comhlach Cruthaitheach le do Chomhordaitheoir Scoile chun an bealach a gceiliúrfar agus a measfar do chuid oibre mar Chomhordaitheoir Scoile a phleanáil.

Conas a éascaíonn agus a sheachadann an Comhlach Cruthaitheach tionscadail linn?

Tá an Comhlach Cruthaitheach ann chun tacú libh bhur bPlean Scoile Ildánaí a fhorbairt agus a mheasúnú. Ní hé a ról chun tionscadail mar ealaíontóirí agus mar chleachtóirí ina ndisciplín ealaíon/cruthaitheach féin a éascú ná a sheachadadh, ach cuirfidh siad comhairle ar fáil agus cuidiú le daoine eile a aimsiú a d'fhéadfadh é sin a dhéanamh.

Féadfaidh an Comhlach Cruthaitheach gníomhaíochtaí agus ceardlanna a éascú mar chuid den ról atá aige i bhforbairt an Phlean Scoile Ildánaí mar cuideoidh na hócáidí sin leis tuiscint a fháil ar bhur scoil agus faisnéis a bhailiú maidir le riachtanais bhur scoile.

Cé mhéad ama atá ag an gComhlach Cruthaitheach le hoibriú leis an scoil?

Sannadh suas le 45 uair don Chomhlach Cruthaitheach le caitheamh le do scoil in aghaidh na bliana.

An gcaitheann an Comhlach Cruthaitheach an t-am sin uile sa scoil?

Comhroinntear na huaireanta sin idir am teagmhála leis an scoil agus obair thaighde agus forbartha. Déanfaidh na Comhlaigh Chruthaitheacha taighde ar dheiseanna don scoil, déanfaidh siad teagmháil le cleachtóirí aonair agus le heagraíochtaí, scríobhfaidh siad tuairiscí, tógfaidh siad acmhainní agus déanfaidh siad aon cháipéisíocht a theastaíonn ón scoil chun tarraingt ar a ndámhachtain a athbhreithniú.

Conas is fearr am a sceidealú le do Chomhlach Cruthaitheach?

Déanfaidh an scoil cinneadh faoi am teagmhála na gComhlach Cruthaitheach agus déanfaidh siad é sin a phlé leis an gComhlach Cruthaitheach. Ba cheart an t-am sin a phleanáil go cúramach chun an leas is fearr a bhaint as am an Chomhlaigh Chruthaitheach, e.g., d'fhéadfadh an Comhlach Cruthaitheach tabhairt faoi chomhairliúchán cruthaitheach i seomraí ranga nó le grúpa fócais, coiste nó comhairle agus cruinniú a reáchtáil leis an bhfoireann nó leis an gComhordaitheoir Scoile ina dhiaidh sin. Oibríonn an Comhordaitheoir Scoile agus an Comhlach Cruthaitheach le chéile chun sceideal a chur le chéile atá oiriúnach don bheirt acu.

Cad atá i gceist leis an gCreat Pleanála i gcomhair na Scoileanna Ildánacha?

Tacaíonn an Creat Pleanála i gcomhair na Scoileanna Ildánacha le bhur scoil agus le bhur gComhlach Cruthaitheach anailís a dhéanamh ar bhur rannpháirtíocht reatha sna healaíona agus sa chruthaitheacht agus ar na hacmhainní atá ar fáil i do scoil agus sa phobal níos leithne faoi láthair.

Cabhraíonn an anailís seo libh plean inbhuanaithe a fhorbairt lena ndéanfar deiseanna ealaíon agus cruthaitheacha a neartú do leanaí agus do dhaoine óga atá i do scoil. Ligeann sé daoibh cinntí ciallmhara a dhéanamh maidir le ceapadh agus seachadadh na ngníomhaíochtaí agus tuairisciú ar an dul chun cinn don Chomhairle Ealaíon. Is áis é a thacaíonn leis an gComhordaitheoir Scoile agus leis an gComhlach Cruthaitheach comhráite tábhachtacha a eagrú leis an scoil i gcoitinne lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, ceannairí scoile agus teaghlaigh.

Conas a oibríonn an comhairliúchán le leanaí/daoine óga?

Tá bhur dtiomantas mar scoil go gcinnteofar guth na leanaí agus na ndaoine óga i ndéanamh cinntí ina gné lárnach do phróiseas an Chomhordaitheora Scoile agus tá sé mar thosaíocht thábhachtach ar chlár an Chomhordaitheora Scoile. Tacaíonn An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i ndéanamh Cinntí leis an bpróiseas seo agus féadfar é a aimsiú [anseo](#).

Oibreoidh bhur gComhlach Cruthaitheach leis an gComhordaitheoir Scoile agus aontóidh siad ar an mbealach is fearr dul i gcomhairle le bhur scoláirí le linn an phróisis. B'fhéidir go mbeadh tacú le grúpa comhairleach nua scoláirí a bhunú mar chuid den chomhairliúchán sin, chomh maith le seisiúin chomhairliúcháin a reáchtáil le scoláirí, tacú le forbairt suirbhé don scoil iomlán, aiseolas a thabhairt ar chomhairliúchán, agus cinntiú a dhéanamh go mbíonn guth ag na scoláirí le linn chéimeanna chur i bhfeidhm agus measúnaithe an phróisis.

An mbeidh gá ag an gComhlach Cruthaitheach labhairt le haon duine eile?

D'fhonn tacú le forbairt bhur bPlean Scoile Ildánaí, beidh an Comhlach Cruthaitheach ag iarraidh labhairt leis an oiread daoine ó phobal na scoile agus is féidir. Beidh siad a leanas san áireamh:

- Leanaí / Daoine Óga
- Múinteoirí / Foireann na scoile
- Bainistíocht na Scoile

- Tuismitheoirí/ Caomhnóirí / Teaghlaigh
- Ealaíontóirí / Cleachtóirí Cruthaitheacha a bhfuil caidreamh ag an scoil leo cheana féin.

Cén sórt tiomantais a bhíonn ag teastáil ón scoil?

D'aontaigh do scoil go mbeidís tiomanta do na coinníollacha seo a leanas le linn an phróisis iarratais:

- Beimid tiomanta go bhfreastalóidh ár gComhordaitheoir Scoile ar na cúrsaí oiliúna riachtanacha go léir agus go n-éascóimid freastal ar chúrsaí neamhriachtanacha, nuair is féidir.
- Déanfaimid teagmháil sheasmhach leis an gComhlach Cruthaitheach a shannadh dár scoil/dár n-ionad agus cumarsáid mhaith a chothú leis.
- Cinnteoidimid go mbeidh am suntasach ag ár gComhordaitheoir Scoile chun oibriú leis an gComhlach Cruthaitheach le linn ár gcuid ama sa tionscnamh. Tá a fhios againn nach bhfuil íocaíocht ionadaíochta ar fáil do na gníomhaíochtaí leanúnacha seo.
- Déanfaidh ár bhfoireann bainistíochta ár bpobal scoile/ionaid a shlógadh le páirt a ghlacadh i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha.
- Táimid tiomanta am agus acmhainní suntasacha a leithdháileadh chun ár bPlean Scoileanna Ildánacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, agus a mheas. Áireofar leis seo leas a bhaint as am na foirne, na leanaí agus na ndaoine óga, na dteaghlach, agus an Bhoird Bainistíochta.
- Táimid tiomanta chun a chinntiú go mbeidh tuairim na leanaí agus na ndaoine óga ina gné lárnach de rannpháirtíocht na scoile/an ionaid agus don Phlean Scoile Ildánaí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, agus a mheas.
- Déanfaidh ár scoil/ionad ár n-eispéireas a mheasúnú agus a thuairisciú chun foghlaim a chomhroinnt, agus chun pleanáil agus forbairt beartais bhreise sa réimse seo a threorú.
- Comhoibreoidh ár scoil/ár n-ionad leis an taighde agus leis an measúnú a bhaineann le Scoileanna Ildánacha.

Is mise an Comhordaitheoir Scoile. Cad as a mbeidh mé féin freagrach?

Is é an Comhordaitheoir Scoile an príomhtheagmhálaí don Chomhlach Cruthaitheach sa scoil.

D'fhéadfadh go n-áireofaí na tascanna seo a leanas ina measc siúd a bhaineann leis an ról seo:

- Teagmháil a chothú leis an gComhlach Cruthaitheach.
- Tacaíocht a thabhairt d'ionduchtú an Chomhlaigh Chruthaitheigh sa scoil agus rochtain ar pholasaithe ábhartha na scoile a chur ar fáil dóibh.
- Cinnte a dhéanamh go mbíonn an Comhlach Cruthaitheach ar an eolas faoin té atá mar theagmhálaí ainmnithe agus mar theagmhálaí ainmnithe tánaisteach sa scoil.
- Scoláirí a shainnithint le páirt a ghlacadh sna grúpaí comhairleacha / grúpaí fócais agus na grúpaí sin a bhunú.
- Tionscnamh na Scoileanna Ildánacha a chur i lár an aonaigh sa scoil agus sa phobal níos leithne.
- An Comhlach Cruthaitheach a chur ar an eolas faoi aon dúshlán atá ag an scoil maidir le páirt a ghlacadh i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha.
- Feidhmiú mar chainéal cumarsáide idir an Comhlach Cruthaitheach agus an pobal scoile níos leithne, lena n-áirítear bainistíocht na scoile.
- Cruinnithe a eagrú le páirtithe leasmhara éagsúla mar is gá.
- Tacaíocht a thabhairt le rogha, conraitheoireacht, íocaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda Síochána na n-ealaíontóirí agus na gcleachtóirí cruthaitheacha a oibreoidh leis an scoil agus a chloífidh le polasaithe na scoile.
- Oibriú ar cháipéis an Chreata Pleanála i gcomhair na Scoileanna Ildánacha leis an gComhlach Cruthaitheach.
- Plé le próiseas measúnaithe na Scoile Ildánaí.
- Cáipéisíocht tuairiscithe a uaslódáil ar Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS) (córas ar líne na Comhairle Ealaíon trínar chuir sibh iarratas isteach).
- A bheith mar phointe teagmhála le haghaidh íocaíocht bhur ndámhachtana ón gComhairle Ealaíon agus faisnéis chruinn agus cothrom le dáta a choinneáil le foireann lárnach na Scoileanna Ildánacha.
- Íocaíochtaí a iarraidh gan mhoill.

An ról deonach é an Comhordaitheoir Scoile?

Is ea, i ról deonach é an Comhordaitheoir Scoile. Bíonn an rath is fearr ar obair an Chomhlaigh Chruthaitheigh nuair a bhíonn pointe teagmhála amháin aige sa scoil. É sin ráite, tá sé tábhachtach go n-áirítear comhghleacaithe eile sa phróiseas ón tús ionas go dtabharfar tacaíocht le daingniú do chuid oibre ar fud na scoile. Is féidir le comhghleacaithe eile feidhmiú

mar thacaíocht thábhachtach don Chomhordaitheoir Scoile freisin, agus d'fhéadfadh siad freagrachtaí a ghlacadh do ghníomhaíochtaí nó do thascanna.

Cé atá freagrach as ionadaíocht a eagrú dom más gá dom imeacht ón rang chun tacú le hobair Scoileanna Ildánacha?

Tá an scoil freagrach as ionadaíocht a eagrú má theastaíonn a leithéid. Ní chuirtear ionadaíocht íoctha ar fáil ach ar feadh lá amháin don Chomhordaitheoir Scoile le freastal ar oiliúint ionduchtúcháin don Chomhlach Cruthaitheach.

Cé mhéad maoinithe a gheobhaimid mar Scoil Ildánach?

Is é €4,000 an maoiniú iomlán atá ar fáil do scoileanna atá páirteach sa tionscnamh in 2022. Is dámhachtain í seo chun do chuid pleananna a chur i bhfeidhm i gcaitheamh an dá scoilbhliain 2022–2023 agus 2023–2024.

Conas is féidir linn an maoiniú a úsáid?

Ba cheart an maoiniú a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm bhur bPlean Scoile Ildánaí agus leis na smaointe a gineadh ón bpróiseas comhairliúcháin a bhaint amach. I gcomhar leis an gComhlach Cruthaitheach, féadfaidh an scoil cinneadh a dhéanamh faoin mbealach a gcaithfean an maoiniú. Is féidir go gcuimseoidh sin:

- Oibriú le healaíontóirí agus/nó le cleachtóirí cruthaitheacha
- Cuairteanna ar dhánlanna, amharclanna, iarsmalanna, leabharlanna, agus ar an ionad ealaíon áitiúil.
- Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht
- Plé le heagraíochtaí ealaíon agus cruthaitheacha áitiúla
- Beartais agus pleananna ealaíon agus cruthaitheachta a fhorbairt
- Ceardlanna, taispeántais, nó deiseanna taibhithe a sholáthar do leanaí/daoine óga sa scoil
- Bealaí cruthaitheacha a fhiosrú chun teagasc agus chun foghlaim thar an gcuraclam
- Ábhair agus acmhainní a cheannach a thacaíonn le cur i bhfeidhm bhur bplean.

Tá a fhios againn cad ba mhaith linn a dhéanamh cheana féin. Nach féidir linn é a dhéanamh láithreach bonn?

Cé go mbaineann frustrachas le cás mar seo, molaimid go bhfanfaidh sibh go dtí go mbeidh deis ag do Chomhlach Cruthaitheach comhairle a thabhairt daoibh agus oibriú libh agus le bhur bpobal scoile sula gcaitear an dámhachtain. Measann neart scoileanna go dtugann an próiseas comhairliúcháin deis do ghuthanna agus smaointe nuálacha a thabhairt isteach sa scéal le linn an phróisis, agus go dtagann deiseanna chun cinn dá bharr. Tá sé tábhachtach, go háirithe, agus tá sé mar chuid den tiomantas a rinne sibh le linn an phróisis iarratais, go dtéann sibh i gcomhairle leis na scoláirí sula ndéanfaidh sibh cinneadh faoi cad a dhéanfaidh sibh agus faoin mbealach a gcaithfidh sibh an dámhachtain.

Mholamar tionscadal inár bhfoirm iarratais. An féidir linn tús a chur leis an tionscadal sin anois?

Iarradh ar scoileanna, mar chuid den phróiseas iarratais, sonraí a chur ar fáil ar an gcaoi a dtacóidh rannpháirtíocht sa tionscnamh seo le foghlaim agus forbairt na scoile sna healaíona agus sa chruthaitheacht, seachas togra le haghaidh tionscadal sonracha a iarraidh. Má mhol sibh tionscadal san iarratas, molaimid go bhfanfaidh sibh agus nach gcuirfidh sibh tús leis go dtí go mbeidh deis ag bhur gComhlach Cruthaitheach oibriú libh agus le bhur scoil. D'fhéadfadh go n-athróidh bhur bpleananna mar thoradh ar an bpróiseas 'Faigh Tuiscint' a dhéanfaidh sibh leis an gComhlach Cruthaitheach agus mar thoradh ar chomhairliúchán a dhéanamh le scoláirí i do scoil.

Cé na gníomhaíochtaí a chuir Scoileanna Ildánacha eile i bhfeidhm mar chuid dá bPlean Scoile Ildánaí?

Tá Plean Scoile Ildánaí gach scoile uathúil agus bhí na gníomhaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm chomh saibhir agus chomh éagsúil leis na scoileanna a ghlac páirt sa chlár. Áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas mar shamplaí díobh:

- Ceardlanna le haghaidh scoláirí thar raon leathan cleachtais ealaíon agus chruthaitheacha
- Cuir chuige ealaíon agus chruthaitheacha a úsáid chun an curaclam a fhiosrú
- Tionscadail a thacaíonn le forbairt scoileanna cruthaitheacha na leanaí i réimsí leathana an churaclaim
- Tionscadail chruthaitheacha a bhí nasctha le príomhthosaíochtaí forbartha na scoile
- Cónaitheachtaí na n-ealaíontóirí
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don fhoireann
- Turais chuig ionaid ealaíon agus chultúrtha
- Spásanna foghlama nua a chruthú
- Tionscadail chomhpháirtíochta fhadtéarmacha le healaíontóirí agus le hionaid ealaíon agus chultúrtha.

Tá samplaí eile de réimse iontach na ngníomhaíochtaí suntasacha atá curtha i bhfeidhm ag scoileanna ar fud na tíre i dtionscnamh na Scoile Ildánaí ar fáil anseo <https://www.artscouncil.ie/ga/scoileanna-ildanacha/seachtain-na-scoileanna-ildanacha-2021/>